# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,*
*Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 14 - 20 Meán Fómhair 2024**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eamon Mulvihill 066-7139145

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 15 Meán Fómhair ag 9.00rn**

**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 15 Meán Fómhair ag 10.00rn**
**Intinn:** Leabhar Cuimhneacháin an Pharóiste agus Aifreann an Fhómhair

**Guí an Phobail**
Maidhc Ó Dubháin, Cathair a' Trant, a fuair bás le déanaí.
Fionnán Ó Loingsigh, Cill Fhiontain, a fuair bás le déanaí.
Dominic Ó Coileáin, Ard na Caithne, C.B.

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 21 Meán Fómhair ag 7.30in**
**Intinn:** Mary Uí Mhurchú, Clochán Dubh, agus a mac Tommy, C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 22 Meán Fómhair ag 10.00rn**
**Intinn:** Joe Ruiséal, Cill Chuáin, C.M., Áine Uí Fhlatharta, Cloichear, 1ú C.B. agus Máire Mhic Gearailt, Márthain, 2ú C.B.

**Aifrinntí i Rith na Seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 9.30rn,
Dé hAoine 7.30in. (Aifreann Padre Pio)
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine ag 6.15in

**Ceiliúradh an Bhlascaoid (27-29 Meán Fómhair)**
Téama na bliana 'Cá bhfuil ár dTriail? – Caomhnú is Aitheantas do na Blascaodaí'. Breis eolais ar www.ceiliuradh.net.

**Aifreann Beo ar Raidió na Gaeltachta i Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 29 Meán Fómhair ag 11.00rn. Ní bheidh Aifreann ag 10.00rn an lá seo.**

## Ceolchoirm an Fhómhair agus Crannchur


Buíochas ó chroí do gach uile dhuine a chabhraigh in aon tslí le Ceolchoirm an Fhómhair, a bhí ar siúl in Ionad an Bhlascaoid i gcuimhne ar Fheargal Mac Amhlaoibh. Buíochas do fhoireann Ionad an Bhlascaoid a chuir an amharclann ar fáil agus a bhí chomh cabhrach linn. Buíochas leis na daoine agus na gnóanna a chuir duaiseanna ar fáil, buíochas do Louise Ní Mhuircheartaigh agus Foireann Ban Chiarraí a shínigh geansaí Chiarraí don gceant, agus do gach duine a cheannaigh ticéid don gcrannchur agus a d'fhreastail ar an gceolchoirm agus na daoine a chabhraigh ar an oíche. Buíochas do Phádraig Ó Sé, Fear an Tí. Buíochas speisialta dos na ceoltóirí, amhránaithe, an rinceoir agus an scéalaí. **Bailíodh €3,000 ar an oíche. Bailíodh €9,745 idir an dá cheolchoirm, an Crannchur Mór, Crannchur na hOíche agus an dá cheant.** Rath Dé oraibh uile agus go méadaí Dia bhur stór.

**An Crannchur Mór – Na Buaiteoirí**
1. Máire Furlong. 2. Vicky McCann 3. Siobhán Uí Ghearailt.

## Padre Pio – Aifreann Cuimhneacháin

Beidh Aifreann do Fhéile Padre Pio (a cailleadh i 1968) ar an **Aoine, 20 Meán Fómhair, ag 7.30 i.n.** i SéipéalNaomh Uinseann. Beannú le mitín a chaith Padre Pio. Cuimhneamh leis san Aifreann ar na stiogmaí (stigmata) naofa a bronnadh ar Naomh Proinsias ar Chnoc La Verna sa bhliain 1224.

## Paidir do Padre Pio



Iarraimíd ort umhlaíocht chroí ionas go n-áireofar sinn i measc chosmhuintir an tSoiscéil, ar gheall ár nAthair go nochtfadh sé rúndiamhair a Ríochta dóibh. Cabhraigh linn bheith ag guíochtaint gan staonadh, sásta inár n-aigne go dtuigeann Dia ár ngátar sara loirgímid cúnamh air. Bronn orainn radharc an chreidimh ionas go n-aithneoimid gan mhoill cló ár dTiarna ins na bochtáin agus iontu siúd atá ag fulaingt. Neartaigh sinn in uair na coimhlinte agus chrosa agus, má threascraítear sinn, deonaigh dúinn aoibhneas shacraimint an mhaithiúnais. Deonaigh dúinn do dheabhóid ghrámhar do Mhuire, Máthair Dé agus ár Máthair féin. Siúl linn ar ár n-oilithreacht ar na saolta seo i dtreo na dúthaí beannaithe sin, atá mar cheann scríbe againn, d'fhonn ár machnamh a dhéanamh go deo na ndeor ar ghlóire an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh (Naomh Eoin Pol 11 a chum).
**Guígí, bígí dóchasach agus ná bíodh imní oraibh. Ní dhéanann an imní maitheas ar bith dúinn. Tá Dia trócaireach agus cloisfidh sé d'impí.**

### Searmanas ag Cé Bhaile na nGall
Ar an nDomhnach seo chugainn, **15 Meán Fómhair ar a 3.00in**, beidh searmanas ag Cé Bhaile na nGall i gcuimhne ar na hiascairí agus daoine a bádh amach ón gcósta.

### Maidin Caifé do Ospís Chiarraí
Beidh maidin chaifé ar mhaithe le Ospís Chiarraí i dTigh Phil Uí Bhrosnacháin i mBaile na nGall, Déardaoin, 19 Meán Fómhair óna 11.30rn – 2.00in. Fáilte roimh chách.

### Machnamh
'Cé a deir sibhse mé?' Sin an cheist a chuir Íosa ar a chuid deisceabal an lá úd i gceantar Chéasaré Philib. In aimsir Íosa bhí teampaill nua tógtha le marmar in ónóir Chéasar Impire na Róimhe san ait sin. An cheist sin ceann de na ceisteanna is bunúsaí dúinne chomh maith. Má chuirim an cheist orm féin agus má fhreagraím mar a d'fhreagair Peadar 'Is tú an Críost Mac Dé bhí' déanann sé athrú bunúsach ar mo shaol pearsanta agus ar mo dhearcadh ar an saol thart timpeall orm. Tá sé ráite má ghlacaim le hÍosa mar Shlánaitheoir go múnlaíonn sé am atá imithe, am le teacht agus an aimsir láithreach. Más é Íosa an Críost Mac Dé bhí is féidir liom na laethanta agus na blianta atá caite a fhágaint faoina chúram. Mar a mheabhraíonn an seanfhocal: 'Níl tuile ná tránn ach tuile na ngrást'.

### Teagascóirí Aos Oideachais ag teastáil
Teagascóirí Aos Oideachais ag teastáil ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne. Thuilleadh eolais ar 087-7951743 nó sf@pcd07.ie.

### Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna
Beidh na clúdaigh do Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna á gcur amach go luath.
**Mas mian leat d'ainm a chur ar an liosta cuir glaoch ar Thigh na Sagart.**

**Ciste an Pharóiste € 1,050 Bl Sp Riachtanaisí na Deoise €105**
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie